



An Rialálaí
Carthanas
Charities
Regulator

Treoirnóta maidir le breacadh miontuairiscí

Séanadh Dlíthiúil

Tá an doiciméad seo á eisiúint ag an Rialálaí Carthanas faoi alt 14(1)(i) den Acht Carthanas 2009 ar mhaithe le feabhas ar riaradh agus bainistiú eagraíochtaí carthanúla a spreagadh agus a éascú. Níl an doiciméad seo ina ráiteas críochnúil, agus níl sé deartha chun a bheith ina ráiteas críochnúil, ar an dlí. Ní thugtar aon chomhairle dlí ann ach oiread. Níor cheart an doiciméad seo a úsáid in ionad comhairle ghairmiúil ó fhoinse atá cáilithe go cuí. Molann an Rialálaí Carthanas d'iontaobhaithe carthanais a ndoiciméad rialaithe a léamh agus a gcomhairle dlí neamhspleách féin a fháil nuair is gá. Ní ghlacann an Rialálaí Carthanas le freagracht ná dliteanas ar bith as aon earráidí, mhíchruinneas nó easnaimh sa doiciméad seo.

Treoirnóta maidir le breacadh miontuairiscí

Uirlis ríthábhachtach do do charthanas is ea miontuairiscí a bhreacadh agus a choinneáil. Trí fhorbhreathnú a thabhairt ar na nithe seo a leanas, míneofar sa treirdhoiciméad seo cén fáth a bhfuil sé chomh tábhachtach sin:

- An **cuspóir** atá le miontuairiscí
- **Ábhar** na miontuairiscí agus an fhoirm chaighdeánach ar cheart iad a bhreacadh inti
- Na **gnáthnósanna imeachta** maidir le breacadh miontuairiscí
- **Leideanna úsáideacha do bhreacadóirí miontuairiscí**
- **Botúin choitianta** a dhéanann breacadóirí miontuairiscí
- **Doiciméid ábhartha eile** atá úsáideach do bhreacadóirí miontuairiscí

Cuspóir¹

Is é atá i miontuairiscí ná taifead ar ar tharla ag cruinniú boird. Tá gá leo ionas:

- go mbeidh daoine nach raibh ag an gcruinniú in ann a fháil amach cad a tharla lena linn;
- go meabhrófar do dhaoine a bhí ag an gcruinniú cad a tharla lena linn;
- go mbeidh tuiscint shoiléir ag daoine ar na cinntí a rinneadh le linn an chruinnithe agus nach ndéanfaidh siad an díospóireacht chéanna arís;
- go mbeidh tuiscint shoiléir ag daoine faoin ngníomh atá le déanamh acu;
- go mbeidh daoine in ann a fháil amach sa todhchaí cé na cinntí a rinneadh ag an gcruinniú.

Ábhar

Ba cheart miontuairiscí boird a scríobh i bhformáid chaighdeánach chomhaontaithe do do charthanas agus

ba cheart na nithe seo a leanas a chur ar áireamh iontu:

- ainm an charthanais;
- dáta agus am an chruinnithe;
- áit an chruinnithe;
- ainm na n-iontaobhaithe carthanais a bhí i láthair;
- ainm an iontaobhaí carthanais a rinne cathaoirleacht ar an gcruinniú;

1 Tagraítear sa doiciméad seo do mhiontuairiscí boird – úsáidtear nós imeachta eile chun vótaí a léiriú agus chun miontuairiscí a scaipeadh ag cruinniú ginearálta bliantúil nó cruinniú ginearálta urghnách. Dá réir sin, ní chumhdaítear an nós imeachta sin sa doiciméad seo.

- ainm na ndaoine eile a bhí i láthair, an cháil ina raibh siad i láthair (e.g. oibrithe deonacha, iniúchóir, etc.) agus na codanna den chruinniú a raibh siad i láthair lena linn;
- leithscéal as aon neamhláithreach;
- aon cheartúcháin ar mhiontuairiscí roimhe, agus an fhíric gur glacadh leo mar thaifead cruinn;
- nóta i gcás nach raibh go leor daoine ann chun córam² a bhaint amach ag cruinniú nó i gcás nach raibh córam ann a thuilleadh toisc gur fhág daoine an cruinniú;
- nithe a d’eascair as miontuairiscí an chruinnithe roimhe;
- dearbhú maidir le haon choinbhleachtaí leasa (coinbhleachtaí pearsanta nó ceapacháin) agus míniú ar an dóigh ar dhéileáil an bord leo³;
- miontuairisc ar leith ar gach mír nó topaic a pléadh (rud a dhéantar ar aon dul leis an gclár oibre de ghnáth)* agus tagairt d’aon ghnó eile, má bhaineann. Ba cheart aon ghnó eile a úsáid chun críocha faisnéise, seachas chun nithe a dteastaíonn cinneadh ón mBord ina leith a phlé;
- dáta, am agus áit an chéad chruinnithe eile.

*In aon mhiontuairisc ar mhír ar leith, ní mór a thaifeadadh cad a tharla ag an gcruinniú. Níor cheart an mhiontuairisc a athrú ina dhiaidh sin, fiú amháin i gcás gur tháinig athrú ar an staid ó shin i leith. Ba cheart focail amhail “Comhaontaíodh...” nó “Cinneadh...” a chur ar áireamh inti. Lasmuigh de sin, ní mór do gach carthanas a chinneadh dó féin cá mhéad faisnéise is gá a thabhairt ar gach mír. D’fhéadfadh gurbh fhiú roinnt de na cúiseanna leis an gcinneadh a chur ar áireamh, ach is annamh is gá iarracht a dhéanamh an díospóireacht iomlán a thaifeadadh. Níor cheart iarracht a dhéanamh na nithe a dúirt gach duine i ndíospóireacht a thaifeadadh. Más rud é gur díospóireacht an-chasta í, d’fhéadfadh gurbh fhearr ní amhail “Sa díospóireacht, rinneadh na pointí seo a leanas...” a scríobh. Ba cheart na nithe seo a leanas a chur ar áireamh do gach mír, áfach:

- aon chinneadh a rinneadh - fiú amháin i gcás gur socraíodh gan aon chinneadh a dhéanamh;
- an gníomh a theastóidh chun an cinneadh a chur chun feidhme;
- ainm an duine a dhéanfaidh an gníomh;
- aon spriocdháta nó teorainn ama atá i gceist leis an ngníomh.

- 2 Is é córam do charthanas an líon íosta iontaobhaithe nach mór dóibh páirt a ghlacadh i gcruinniú chun go mbeidh sé ina chruinniú bailí de chuid an charthanas.
- 3 Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi Choinbhleachtaí Leasa, féach an doiciméad: [Coinbhleachtaí Leasa a Bhainistiú](#). Tá [Clár Leasanna teimpléadach \(aguisín B\)](#) ar áireamh sa doiciméad sin.

Nósanna imeachta

- Tá sé tábhachtach go leanfaí nósanna imeachta atá i bhfeidhm cheana féin, e.g. tá seans ann go mbeidh faisnéis shonrach ann i do dhoiciméad rialaithe nó i do lámhleabhar boird maidir leis an líon comhaltaí a bheidh i gcóram agus maidir leis an dóigh a ndéanfar cinntí (e.g. trí vóta nó trí chomhthoil), an dóigh a mbainistefar an vóta (má bhaineann) agus an dóigh a stórálfar miontuairiscí, etc.
- Mura bhfuil aon nósanna imeachta i bhfeidhm, is faoin rúnaí a bheidh sé de ghnáth na miontuairiscí a bhreacadh agus iad a scríobh suas go foirmiúil agus a scaipeadh ar an mbord ansin;
- Scríobh na miontuairiscí suas a luaithe is féidir tar éis an chruinnithe;
- Déan deimhin de go ndéantar na miontuairiscí agus aon pháipéir eile a cuireadh i láthair ag an gcruinniú a stóráil go cuí lena léamh amach anseo;
- Is dréacht-tuairiscí a bheidh sna miontuairiscí go dtí go ndéanfaidh an cathaoirleach agus an rúnaí iad a cheadú agus a shíniú ag an gcéad chruinniú eile de chuid an bhoird.

Ní mór na miontuairiscí ar chruinnithe boird a chur ar fáil do gach iontaobhaí carthanais agus, nuair is gá, do chomhairleoirí gairmiúla cuí (e.g. iniúchóirí). Ní doiciméid oscailte iad agus ní gá iad a chur ar fáil lena n-iniúchadh ag an bpobal ach amháin i gcás go gceanglaítear le doiciméad rialaithe an charthanais go ndéanfaí amhlaidh.

Leideanna do bhreacadóirí miontuairiscí

- Cuir eolas ar an gclár oibre roimh thús an chruinnithe;
 - Seiceáil an Clár Leasanna roimh an gcruinniú – i gcás go dtiocfaidh coinbhleacht chun cinn nár dearbhaíodh cheana féin, dearbhaigh an choinbhleacht sin sna miontuairiscí;
 - Breac nótaí le linn an chruinnithe;
 - Mura féidir leat an díospóireacht a leanúint, cuir an méid sin in iúl. Tá gach seans ann nach bhfuil daoine eile in ann an díospóireacht a leanúint ach oiread;
 - Mura dtuigeann tú go soiléir an cinneadh a rinneadh, cuir an méid sin in iúl. Tá gach seans ann nach ndearnadh aon chinneadh. Mar mhalairt air sin, tá seans ann go ndearnadh cinneadh agus nár sainaithníodh aon duine chun gníomh a dhéanamh ina leith;
 - Léigh an cinneadh amach chun é a sheiceáil leis an ngrúpa;
-

- Bain úsáid as ceannteidil chun míreanna a choinneáil ar leithligh óna chéile. Más féidir, ailínigh iad sin leis na míreanna ar an gclár oibre, toisc gurb é sin an fhormáid ar cheart na dréacht-mhiontuairiscí deiridh a chur i láthair inti;
- Ná bain úsáid as béarlagair, acrainmneacha nó giorrucháin gan ghá;
- Déan deimhin de go dtuigeann tú an dóigh a ndéantar cinntí i do charthanas, e.g. trí vóta nó trí chomhthoil. Cinntigh go dtaifeadtar cinntí go cuí;
- Ag deireadh an chruinnithe, caith súil siar, i gcomhar leis an gcathaoirleach, ar na cinntí agus ar na gníomhartha atá le déanamh;
- Mura bhfuil do nótaí soiléir, seiceáil iad leis an gcathaoirleach;
- Sula scaipfidh tú na miontuairiscí, tabhair dréacht don chathaoirleach agus cuir aon aiseolas uaidh/uaithi ar áireamh ann. Scaip na miontuairiscí ar an mbord ar fad a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

Botúin choitianta

- Gan an córam nó cinntí a dhoiciméadú go cuí;
- Gan coinbhleachtaí leasa dearbhaithe a thaifeadadh;
- Béim a chur ar thuairimí suibiachtúla seachas ar chinntí oibiachtúla;
- Cinntí a thaifeadadh ar bhealach débhríoch, a fhágann gur féidir iad a léiriú ar bhealaí difriúla;
- Botúin a dhéanamh sa dréacht deiridh de na miontuairiscí.

Doiciméid Ábhartha Eile

Ba cheart an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis an doiciméad **‘Miontuairiscí Boird Mínitheacha Samplacha’ atá le fáil in Aguisín A** agus leis an doiciméad **‘Teimpléad Miontuairiscí’ atá le fáil in Aguisín B**.

